Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Bealtaine 2026 (OR. en)**

**9512/26**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2026/0131 (NLE)**

**ECOFIN 637**
**UEM 173**
**FIN 717**
***ECB***
***EIB***

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 20 Bealtaine 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 257 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE<br>lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 257 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 257 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.5.2026
COM(2026) 257 final

2026/0131 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne**

{SWD(2026) 135 final}

2026/0131 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tar éis don Spáinn an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta ('an plean') a chur isteach an 3 Aibreán 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 13 Iúil 2021, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme[2] ('Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021'). Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 le Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2023[3], an 14 Bealtaine 2024[4], an 21 Eanáir 2025[5], an 13 Bealtaine 2025[6], an 12 Meitheamh 2025[7], an 10 Deireadh Fómhair 2025[8] agus an 20 Eanáir 2026[9].

(2) An 10 Márta 2026, rinne an Spáinn iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh i ngeall ar imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean leasaithe curtha isteach ag an Spáinn.

***Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

1 IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj
2 ST 10150/21 INIT; ST 10150/21 ADD 1 REV 2.
3 ST 13695/23 INIT; ST 13695/23 REV 1 (en); ST 13695/23 ADD 1 REV 1.
4 ST 9303/24 INIT; ST 9303/24 ADD 1.
5 ST 17099/24 INIT; ST 17099/24 ADD 1.
6 ST 8053/25 INIT; ST 8053/25 ADD 1.
7 ST 9583/25 INIT; ST 9583/25 ADD1; ST 9583/25 ADD 1 COR 1; ST 10408/25.
8 ST 13075/25 INIT; ST 13075/25 ADD 1.
9 ST 17031/25 INIT; ST 17031/25ADD1; ST 17031/25 COR1 (es).

(3) Na leasuithe ar an bplean a chuir an Spáinn isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 62 bheart.

(4) Tá mínithe ag an Spáinn go bhfuil aon bheart amháin leasaithe i ngeall ar easpa éilimh. Baineann sé sin le C13.I3 (Digiteáil agus Nuálaíocht agus scéim fóirdheontais le haghaidh digiteáil cuideachtaí). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an Spáinn go ndéanfaí an beart sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(5) Tá mínithe ag an Spáinn go bhfuil 59 mbeart leasaithe chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú agus an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a shimpliú, agus cuspóirí na mbeart sin á mbaint amach an tráth céanna. Baineann sé sin le C1.I1 (Limistéir íseal-astaíochta agus mórathrú ar an iompar uirbeach agus cathrach), C1.I2 (Scéim dreasachta chun pointí athluchtaithe a shuiteáil, feithiclí leictreacha a cheannach agus le haghaidh nuálaíocht sa leictrea-shoghluaisteacht), C1.I3 (Bearta chun tarraingteacht agus inrochtaineacht an ghréasáin iarnród a fheabhsú), C3.I1 (Plean chun cur le héifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht san uisciú), C3.I12 (Plean chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht san uisciú), C10.I1 (Infheistíocht san Aistriú Cóir), C11.R1 (Athchóiriú chun an riarachán a nuachóiriú agus a dhigitiú), C11.I1 (Riarachán Ginearálta an Stáit a nuachóiriú), C11.I3 (Claochlú digiteach agus nuachóiriú d'Aireacht an Bheartais Chríochaigh agus na Cuimhne Daonlathaí, d'Aireacht an Chlaochlaithe Dhigitigh agus na Seirbhíse Poiblí, agus do na húdaráis riaracháin réigiúnacha agus áitiúla, chomh maith leis an tSeirbhís Náisiúnta Sláinte), C11.I4 (Plean um aistriú fuinnimh sa Riarachán Ginearálta Stáit), C11.I6 (Cibearshlándáil ), C12.R2 (Beartas dramhaíola agus borradh a chur faoin ngeilleagar ciorclach), C12.I2 (Clár chun borradh a chur faoin iomaíochas agus faoin inbhuanaitheacht eacnamaíoch), C12.I4 (Tionscal shlabhra luacha na leathsheoltóirí a neartú), C12.I5 (Scéim fóirdheontais chun tacú leis an ngeilleagar ciorclach), C12.I6 (Scéim fóirdheontais chun tacú le tionscadail straitéiseacha i slabhra luacha na ngluaisteán leictreach agus earnálacha tionsclaíocha eile (deontais)), C12.I7 (Scéim tacaíochta do thionscadail straitéiseacha i slabhra luacha na ngluaisteán leictreach (iasachtaí)), C13.R3 (Athbhreithniú ar an Dlí um Margaí Urrús agus Seirbhísí Infheistíochta); C13.I1 (Fiontraíocht), C13.I4 (Tacaíocht don Trádáil), C13.I5 (Idirnáisiúnú), C13.I10 (Ciste athchaipitlithe le haghaidh cuideachtaí a ndearna COVID-19 difear dóibh (FONREC)), C13.I12 (Ciste ENISA don fhiontraíocht agus FBManna), C13.I14 (Instealladh Cothromais in ICO). C14.I2 (Ardán um cheann scríbe cliste agus digiteáil na hearnála turasóireachta)), C14.I3 (Athléimneacht na turasóireachta le haghaidh críocha lasmuigh den leithinis), C14.I4 (Gníomhaíochtaí sonracha i réimse an iomaíochais), C15.I2 (Nascacht a neartú i lárionaid tagartha), C16.R1 (Straitéis Náisiúnta um an Intleacht Shaorga), C17.I6 (Sláinte), C17.I9 (Aeraspás), C17.I10 (Tacaíocht iasachta faoi PERTE na Sláinte agus PERTE an aeraspáis), C18.R3 (An Ghníomhaireacht Stáit um Shláinte Phoiblí, ceapadh agus athcheapadh Lárionad, Seirbhísí agus Aonad Tagartha (CSURanna), agus atheagrú cúraim nach mbainistíonn na Lárionaid sin), C18.I3 (Acmhainneachtaí méadaithe chun freagairt do ghéarchéimeanna sláinte), C18.I4 (Oiliúint a chur ar ghairmithe sláinte agus acmhainní chun eolas a chomhroinnt, agus cóireáil na n-othar a bhfuil galair neamhchoitianta orthu a fheabhsú), C18.I5 (An plean chun caitheamh táirgí cógaisíochta a chuíchóiriú agus inbhuanaitheacht a chur chun cinn, agus chun punann na seirbhísí géanómaíocha a leathnú sa Chóras Náisiúnta Sláinte), C18.I6 (Spás Náisiúnta Sonraí Sláinte), C19.I1 (Scileanna digiteacha trasnaí), C19.I4 (Gairmithe digiteacha), C20.I1 (Forbairt scileanna), C20.I3 (Leathnú agus idirnáisiúnú na

gairmoiliúna a thairiscint), C21.R2 (Samhail curaclaim nua chun cáilíocht an oideachais a fheabhsú), C21.I2 (Clár um ghairmthreoir, dul chun cinn agus saibhriú oideachais ('PROA+'), C21.I3 (Tacaíocht do mhic léinn leochaileacha), C21.I5 (Inniúlacht agus oideachas digiteach in ollscoileanna), C22.R5 (Feabhas a chur ar chóras shochair airgeadais neamhranníocacha Riarachán Ginearálta an Stáit ), C22.I1 (Plean cúraim agus tacaíochta fadtéarmach: dí-institiúidiú, trealamh agus teicneolaíocht), C22.I3 (An plean 'An Spáinn - Tír atá inrochtana'), C22.I4 (Plean na Spáinne thú a chosaint ar fhoréigean in aghaidh na mban), C23.I5 (Rialachas agus borradh faoi bheartais chun tacú le gníomhachtú), C23.I6 (Plean cuimsitheach chun borradh a chur faoin ngeilleagar sóisialta), C23.I7 (Fás cuimsitheach a chur chun cinn trí bheartais maidir le cuimsiú sóisialta a nascadh leis an scéim náisiúnta ioncaim íosta ('IMV')), C24.I2 (Borradh a chur faoin gcultúr ar fud na críche), C26.I3 (Spórt a chur chun cinn), C31.I1 (Infheistíocht lena gcuirtear féintomhaltas chun cinn (bunaithe ar fhuinneamh in-athnuaite agus stóráil taobh thiar den mhéadar)), C31.I2 (Scéim chun tacú le táirgeadh agus glacadh hidrigine in-athnuaite), C31.I3 (Scéim fóirdheontais chun tacú le dícharbónú na hearnála tionsclaíche agus le slabhra luacha na bhfoinsí agus na stórála fuinnimh in-athnuaite), C31.I6 (Scéim fóirdheontais le haghaidh tionscadail dícharbónaithe(deontais)), agus C32.I1 (Soghluaisteacht agus bonneagar glas agus inbhuanaithe). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an Spáinn go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Thairis sin, tá iarrtha ag an Spáinn go gcuirfí síneadh le hamlíne chur chun feidhme sprioc 311. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(6) Tá mínithe ag an Spáinn nach féidir cloch mhíle 280 faoi C18.I2 (Feachtais agus gníomhaíochtaí sláinte poiblí) a bhaint amach a thuilleadh laistigh den amlíne atá beartaithe, mar gheall ar an ngá atá le nósanna imeachta fíorúcháin a leanúint atá níos faide ná mar a bhí beartaithe ar dtús ach atá níos fabhraí chun cuspóirí beartais an bhirt a bhaint amach. Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an Spáinn go gcuirfí síneadh le hamlíne chur chun feidhme chloch mhíle 280. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(7) Tar éis an laghdaithe ar leibhéal cur chun feidhme bheart C13.I3 (Digiteáil agus Nuálaíocht agus scéim fóirdheontais le haghaidh digiteáil cuideachtaí) i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241, tá iarrtha ag an Spáinn úsáid a bhaint as na hacmhainní a saoradh chun leibhéal cur chun feidhme C13.I14 (Instealladh cothromais in ICO) a mhéadú. Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an Spáinn go ndéanfaí leibhéal cur chun feidhme birt amháin a mhéadú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(8) Tar éis bhreithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 15 Bealtaine 2025 i gCásanna Uamtha C-623/23 [Melbán] agus C-626/23 [Sergamo] (ECLI:EU:C:2025:358), measann an Coimisiún go bhfuil riachtanais i gcloch mhíle 412 faoi Athchóiriú 4 (Forlíonta máithreachais a chuíchóiriú) de Chomhchuid 30 (Pinsin) atá ar neamhréir le dlí an Aontais. Chun a áirithiú nach dtacóidh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ach le bearta a chomhlíonann dlí an Aontais, ba cheart cloch mhíle 412 a bhaint. Chun a áirithiú go dtabharfar aghaidh fós ar an gcuspóir beartais a bhfuil sé beartaithe le cloch mhíle 412 rannchuidiú leis sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, ba cheart cloch mhíle 412a faoi Athchóiriú 6 (Bearta chun tacú le comhionannas inscne in oifigí poiblí agus i gceapadh beartas agus cosaintí saothair a fheabhsú) de Chomhchuid 22 (Plean gníomhaíochta maidir le geilleagar an chúraim, beartais comhionannais agus cuimsithe

a neartú) a chur isteach. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

***Dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna***

(9) Ba cheart dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna i dtráthchodanna a leasú chun na leasuithe ar an bplean agus an amlíne tháscach a chuir an Spáinn i láthair a chur san áireamh.

***Ceartúcháin ar earráidí cléireachais***

(10) Sainaithníodh ocht n-earráid chléireachais i dtéacs Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021, lena ndéantar difear do sheacht gcloch mhíle agus sprioc agus do bheart amháin faoi ocht gcomhchuid. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú chun na hearráidí cléireachais sin a cheartú, earráidí nach dtagann le hábhar an phlean a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 3 Aibreán 2021, mar a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus an Spáinn. Baineann na hearráidí cléireachais sin le sprioc 427 faoi C5.I1 (Gníomhaíochtaí cóireála, sláintíochta, éifeachtúlachta, coigiltis, athúsáide agus sábháilteachta bonneagair (DSEAR)), clocha míle 93 agus 94 faoi C6.I2 (An Clár don Ghréasán Tras-Eorpach Iompair, oibreacha eile), cloch mhíle 123 faoi C8.R3 (Creat rialála le haghaidh córas fuinnimh níos solúbtha), sprioc 221 faoi C14.I1 (An tsamhail turasóireachta a chlaochlú i dtreo na hinbhuanaitheachta), cloch mhíle 276 faoi C18.R4 (Rialáil post nó limistéar atá deacair a líonadh, uaireanta oibre, dualgais ar glao-dhualgas, cúiteamh, oiliúint, cothromaíocht oibre is saoil, coinneáil tallainne maidir le gairmithe cúraim sláinte, teagasc nó taighde, agus scileanna gairmiúla a neartú), cloch mhíle 324 faoi C22.I2 (Plean chun Seirbhísí Sóisialta a Nuachóiriú - Claochlú teicneolaíoch, nuálaíocht, oiliúint agus cúram leanaí a neartú), sprioc 356 faoi C24.I2 (Borradh a chur faoin gcultúr ar fud na críche), agus tuairisc ar an mbeart seo a leanas, C13.I11 (Ionstraim Ráthaíochta SGRCEA). Ní dhéanann na ceartúcháin sin difear do mheasúnú ná do chur chun feidhme an phlean.

***Measúnú ón gCoimisiún***

(11) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean modhnaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

(12) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Spáinn chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241 pointí (a), (b), (c), (d), (da), (db), (e), (g), (h), (i) (j) agus (k).

***Rannchuidiú leis an aistriú digiteach***

(13) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú digiteach nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le méid arb é atá ann 22,7 % de leithdháileadh iomlán an phlean leasaithe, méid arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán sin.

(14) Baineann na leasuithe ar an ranníocaíocht leis an aistriú digiteach le hearráid chléireachais a cheartú a eascraíonn as caibidil REPowerEU a chuimsiú i gclibeáil dhigiteach an phlean san athbhreithniú roimhe seo, clibeáil dhigiteach tionscadal áirithe a cheartú faoi bheart C13.I3 (Digiteáil agus Nuálaíocht agus scéim fóirdheontais le haghaidh digiteáil cuideachtaí), chun a áirithiú go gcoinneoidh na tionscadail sin a n-aicmiú bunaidh de ranníocaíocht dhigiteach 40 %, agus leis an laghdú ar leibhéal cur chun feidhme bheart C13.I3. Ar an iomlán, tá glanmhéadú 1,2 % ó 21,5 % go 22,7 % ar an rannchuidiú foriomlán le sprioc dhigiteach an phlean i gceist leis na leasuithe ar phlean na Spáinne. Ní dhéanann raon teoranta na leasuithe sin difear do mheasúnú foriomlán an chritéir seo.

***Ranníocaíocht airgeadais***

(15) Is é EUR 102 575 266 373 costais iomlána mheasta phlean leasaithe na Spáinne. Ós rud é go bhfuil méid chostas iomlán measta an phlean leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil don Spáinn, an ranníocaíocht airgeadais iomlán arna cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10], agus le hAirteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241 arna leithdháileadh ar phlean leasaithe na Spáinne, ba cheart an ranníocaíocht sin a bheith comhionann le EUR 79 854 183 024. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a chuirtear ar fáil don Spáinn.

***Iasachtaí***

(16) Níl aon athrú ar an tacaíocht iasachta a chuirtear ar fáil don Spáinn dar luach EUR 22 705 547 373.

(17) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 sin a ionadú go hiomlán.

(18) Ba cheart an Cinneadh seo a bheith gan dochar do thoradh aon nós imeachta a bhaineann le cistí de chuid an Aontais a dhámhachtain faoi aon chlár de chuid an Aontais seachas an tSaoráid nó do nósanna imeachta a bhaineann le saobhadh ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh a fhéadfar a ghabháil ar láimh, go háirithe faoi Airteagail 107 agus 108 den Chonradh. Ní sháraítear leis an ceanglas atá ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi Airteagal 108 den Chonradh faoi chásanna státchabhrach a d'fhéadfadh a bheith ann,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*
*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean*

Formheastar an measúnú ar phlean leasaithe na Spáinne ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

[10] Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1755/oj).

*Airteagal 2*
*Leasuithe*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne mar a leanas:

cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

*Airteagal 3*
*Seolaí*

Is chuig Ríocht na Spáinne a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*